

Foirm Shonraí d'Fhoghlaimoírí



etb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

V 1.0

Go raibh maith agat as iarratas a dhéanamh ar chúrsa breisoideachais agus oiliúna. Caithfidh gach duine a chláraíonn do chúrsa gach mír a bhaineann leo san fhoirm seo a chomhlánú.

Cuirimid go leor ceisteanna san fhoirm seo, mar sin, d'fhéadfadh sé roinnt ama a ghlacadh ort é a chomhlánú. Cabhraíonn an fhaisnéis a sholáthraíonn tú linn chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil duit agus chun feabhas a chur ar oideachas agus oiliúint in Éirinn. Coimeádtar an fhaisnéis phearsanta go léir sábháilte agus faoi rún, ar aon dul leis na rialacháin reatha um chosaint sonraí.

An méid a theastaíonn uait chun an fhoirm seo a chomhlánú

- Teideal agus uimhir thagartha chúrsa an Chórais Tacaíochta Cláir agus Foghlaimoírí (an CTCF) a bhfuil tú ag cur isteach air – is féidir le soláthraí do chúrsa é seo a thabhairt duit.
- D'Uimhir Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP).
- Uimhir do chárta leighis, má tá ceann agat.
- Faisnéis ar leith más ó áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (an LEE) thú.

Na Chéad Chéimeanna Eile

1. Comhlánaigh míreanna 1-4 den fhoirm. Tá mír 5 roghnach, ach caithfidh tú tic a chur leis mura mian leat na ceisteanna a fhreagairt. Má bhíonn aon cheisteanna agat, cuir ar sholáthraí do chúrsa iad nó má theastaíonn cabhair uait chun an fhoirm a chomhlánú, iarr ar sholáthraí do chúrsa cabhair a thabhairt duit. Mura gcomhlánaíonn tú Míreanna 1, 2, 3 agus 4, ní féidir linn thú a chlárú do chúrsa.
2. Sinigh an Ráiteas um Chosaint Sonraí (leathanach 10). Teastaíonn do shíniú uainn lena dheimhniú gur léigh tú agus gur thuig tú conas a úsáidfimid agus a roinnfimid an fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú san fhoirm seo.
3. Seol d'fhoirm chomhlánaithe agus shíniú chuig soláthraí do chúrsa.

Cosaint Sonraí

Tríd an bhfoirm seo a chomhlánú agus a shíniú, comhaontaíonn tú gur féidir linne agus eagraíochtaí eile d'fhaisnéis phearsanta a úsáid i Míreanna 1, 2, 3 agus 4 den fhoirm seo, mar shampla, chun d'iarratas a bhainistiú, teagmháil a dhéanamh leat faoi d'iarratas, faisnéis agus staitisticí a bhailiú faoi chúrsaí agus riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe a chomhlíonadh. Má dhéanann tú an cinneadh chun faisnéis a sholáthar i Mír 5, comhaontaíonn tú ligean dúinn agus d'eagraíochtaí eile d'fhaisnéis phearsanta iogair a úsáid. Iarrtar ort an Ráiteas um Chosaint Sonraí a léamh agus a thuiscint go cúramach sula sínítear ar leathanach 10. Teastaíonn do shíniú uainn lena dheimhniú gur léigh tú agus gur thuig tú conas a úsáidfimid agus a roinnfimid an fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú san fhoirm seo.

SOLAS
learning works



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020
Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund

Déanann Rialtas na hÉireann, Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra cúrsaí breisoideachais agus oiliúna a chomhchistiú mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Sonraí faoin gCúrsa: An cúrsa a bhfuil agat ann

Mura bhfuil an méid seo a leanas ar eolas agat, fiafraigh de sholáthraí do chúrsa iad

Teideal an Chúrsa:

Tagairt an CTCF:

Mír 1: Do sonraí pearsanta

Ainm:

UPSP:

Seoladh:

Éirchód/Postchód:

Seoladh i rith an téarma agus Éirchód (más éagsúil é ón seoladh thuas):

Uimhir ghuthán póca:

Ríomhphost:

Uimhir ghuthán líne thalún:

Inscne (cuir tic i mbosca amháin): Fireann Baineann

Dáta breithe:

Náisiúntacht:

Tír bhreithe:

Teagmháil éigeandála 1

Ainm:

Guthán:

Teagmháil éigeandála 2

Ainm:

Guthán:

An bhfuil tú níos sine ná 18 mbliana d'aois (cuir tic i mbosca amháin):

Tá Níl

Mura bhfuil, tabhair neamhaird ar an gceist seo a leanas, le do thoil, agus téigh ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile. Má tá, freagair an cheist thíos, le do thoil.

Cad iad sonraí teagmhála do thuismitheora nó do chaomhnóra

Ainm:

Guthán:

Ríomhphost:

Mír 2: Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, Sochair agus Íocaíochtaí Stáit ina measc sula dtosaítear an cúrsa

An bhfuil Cárta Leighis agat? (cuir tic i mbosca amháin): Tá Nil

Uimhir an Chárta Leighis _____ Dáta Éagtha _____

Cén ceann díobh seo a leanas a bhaineann leat sula dtosaíonn tú an cúrsa? (cuir tic i mbosca amháin):

Tá íocaíocht leasa á fáil agam Sínim do chreidmheasanna

Cleithiúnaí mé le faighteoir Íocaíocht Leasa Shóisialaigh/Oiliúna nó le Sealbhóir Cárta Leighis

Ceann ar bith den mhéid thuas

Cé chomh fada an bhfuil íocaíochtaí leasa á bhfáil agat nó an bhfuil síniú á dhéanamh agat do chreidmheasanna?:

Más tréimhse níos giorra ná bliain atá i gceist: tabhair an méid seachtainí _____

Más tréimhse níos faide ná bliain atá i gceist: tabhair an méid blianta _____

Má chuir tú in iúl gur cleithiúnaí thú le faighteoir Íocaíocht Leasa Shóisialaigh/Oiliúna nó le Sealbhóir Cárta Leighis, cén gaol atá agat leis an bhfaighteoir: Páirtneir/Céile Eile

Mír 2.1: Comhlánaigh an mhír seo má fhaigheann tú Íocaíocht Leasa

Cén íocaíocht(aí) a fhaigheann tú? (cuir tic i mbosca amháin nó níos mó):

Liúntas Cúramóra	<input type="checkbox"/>	Scéim Fostaíochta Pobail	<input type="checkbox"/>
Liúntas/Sochar Míchumais	<input type="checkbox"/>	Íocaíocht Soláthair Dhírighe	<input type="checkbox"/>
Sochar Breoiteachta	<input type="checkbox"/>	Pinsean Easláine	<input type="checkbox"/>
Sochar Cuardaitheora Poist	<input type="checkbox"/>	Liúntas Cuardaitheora Poist	<input type="checkbox"/>
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	<input type="checkbox"/>	Pinsean Stáit	<input type="checkbox"/>
Pinsean Baintrí/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	<input type="checkbox"/>	Íocaíocht Teaghlach Oibre	<input type="checkbox"/>

An bhfuil aon íocaíocht eile á fáil agat? Tá Nil

Má tá, luaigh cén íocaíocht atá ann, luaigh, le do thoil: _____

Mír 2.2: Níl an mhír seo le comhlánú ach acu siúd arb as áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an LEE) iad

Tabhair neamhaird ar an mhír seo murach gurb as áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an LEE) thú

Cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB)

An bhfuil cárta an GNIB agat a bhfuil stampa 4 air? (cuir tic i mbosca amháin):

Tá Nil Dáta Éagtha Chárta an GNIB: _____

Litir Cheadanna ón Margadh Saothair

An bhfuil Litir Cheadanna ón Margadh Saothair agat a d'eisigh Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ), atá mar chuid den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais? (cuir tic i mbosca amháin):

Tá Nil

Mír 3: Cad é an leibhéal ab airde d'oidreachas agus oiliúint a bhain tú amach (sular thosaigh tú an cúrsa seo) – agus cad iad na tacaíochtaí a lorg tú?

Inis dúinn, le do thoil, cad é an leibhéal ab airde d'oidreachas a bhain tú amach agus an tír inar bhain tú amach é, sular thosaigh tú an cúrsa seo? Cuir tic i mbosca amháin thíos agus scríobh isteach an fhaisnéis a iarraidim (Bliain, Teideal an Chúrsa, agus an Tír a ndearna tú staidéar ann, murab í Éire).

Níor cuireadh aon oideachas ná oiliúint fhoirmiúil orm	<input type="checkbox"/>	Bunoideachas	<input type="checkbox"/>	Deimhniú CNC Leibhéal 1 nó 2 (Dámhachtain Iomlán/Mórdhámhachtain)	<input type="checkbox"/>
Teastas Sóisearach; an Mheánteistiméireacht; Teastas Grúpa; GSCEanna; O-Leibhéal; nó Leibhéal 3 ar an CNC (Dámhachtain Iomlán/Mórdhámhachtain)	<input type="checkbox"/>	Idirbhliain	<input type="checkbox"/>	Ardteistiméireacht; A-Leibhéal, nó An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	<input type="checkbox"/>
Teastas Leibhéal 4 ar an CNC (Dámhachtain Iomlán/Mórdhámhachtain)	<input type="checkbox"/>	Teastas Leibhéal 5 ar an CNC (Dámhachtain Iomlán/Mórdhámhachtain)	<input type="checkbox"/>	Sainteastas ar an CNC Leibhéal 6 (Dámhachtain Iomlán/Mórdhámhachtain)	<input type="checkbox"/>
Cúrsa BOO eile nach bhfuil ailínithe leis an CNC	<input type="checkbox"/>	Ardteastas Leibhéal 6 ar an CNC.	<input type="checkbox"/>	Gnáthchéim Bhaitsiléir; Dioplóma Leibhéal 7 ar an CNC	<input type="checkbox"/>
Céim Bhaitsiléara Onóracha	<input type="checkbox"/>	Gairmiúil (Leibhéal 8+ ar an CNC)	<input type="checkbox"/>	Iarchéim	<input type="checkbox"/>

Bliain: _____ **Teideal an Chúrsa** (más infheidhme): _____

Tír (má tá sé lasmuigh d'Éirinn): _____

An bhfuil cáilíochtaí nó creidmheasanna bainte amach agat tríd an bpróiseas Aitheantais Réamhfhoghlama (ARF)? (cuir tic i mbosca amháin): Tá Níl

An bhfuil páirt glactha agat i bhfoghlaím neamhfhoirmiúil le 4 seachtaine anuas?

(cuir tic i mbosca amháin): Tá Níl

Áirítear le foghlaim neamhfhoirmiúil rudaí ar nós ceachtanna príobháideacha, seisiúin eagraithe d'oilíúint ar an láthair oibre, ceardlann nó seimineár.

An dteastaíonn tacaíocht foghlama uait?

Cuir tic i ngach ceann de na boscaí a bhaineann. Déanfaidh Soláthraí do Chúrsa gach iarracht réasúnta chun tacaíochtaí a chur i bhfeidhm duit ach b'fhéidir nach mbeidh siad in ann na tacaíochtaí go léir a chur i bhfeidhm ar chúiseanna praiticiúla agus eile.

Teastaíonn tacaíocht uaim leis an méid seo a leanas:

An Béarla	<input type="checkbox"/>
Uimhearthacht (matamaitic)	<input type="checkbox"/>
Litearthacht (léitheoireacht, scríbhneoireacht agus litriú)	<input type="checkbox"/>
Litearthacht Dhigiteach (ríomhairí)	<input type="checkbox"/>
Ceann ar bith den mhéid thuas	<input type="checkbox"/>

Má theastaíonn aon tacaíochtaí eile uait nuair a fhreastalaíonn tú ar chúrsa, liostaigh anseo iad, le do thoil:

Mír 4: Do stádas geilleagrach (sular dtosaíonn tú an cúrsa seo)

Cad é do phríomhstádas geilleagrach sula dtosaíonn tú an cúrsa seo? (cuir tic i mbosca amháin):

Dífhostaithe	<input type="checkbox"/>	Fostaithe go lánaimseartha	<input type="checkbox"/>
Fostaithe go páirtaimseartha	<input type="checkbox"/>	Mac Léinn nó Oiliúnaí	<input type="checkbox"/>
I bhfeighil dualgais tí	<input type="checkbox"/>	Ar scor	<input type="checkbox"/>
Neamhghníomhach ar chúiseanna eile	<input type="checkbox"/>		

Cathain a thosaigh an stádas geilleagrach seo:

Más tréimhse níos giorra ná bliain atá i gceist:

Scríobh an dáta, le do thoil, mar seo a leanas: MMBBBB _____

Más tréimhse níos faide ná bliain atá i gceist: tabhair an méid blianta _____

Mír 4.1: D'fhostaíocht dheireanach nó reatha (post)

Má bhí tú fostaithe roimhe seo nó má tá tú fostaithe faoi láthair, comhlánaigh an mhír seo, le do thoil.

Mura raibh tú fostaithe riamh, tabhair neamhaird ar an mír seo agus téigh go dtí mír 5

Cad é do theideal poist reatha nó cén teideal poist a bhí ar do phost deireanach?:

Cé chomh fada a chaith tú i do phost deireanach nó atá tú i do phost reatha?: _____ Bliain _____ Mí

Cén sórt poist a bhí ann? (cuir tic i mbosca amháin):

Lánaimseartha Páirtaimseartha

Cén stádas fostaíochta a bhí agat sa phost deireanach a bhí agat nó atá agat i do phost reatha?

(cuir tic i mbosca amháin):

Fostaí	<input type="checkbox"/>	Féinfhostaithe	<input type="checkbox"/>
Páirt a ghlacadh i scéim Rialtais	<input type="checkbox"/>	Eile	<input type="checkbox"/>

Cén saghas conartha a bhí nó atá agat (cuir tic i mbosca amháin):

Buan	<input type="checkbox"/>	Téarma Seasta	<input type="checkbox"/>
Sealadach	<input type="checkbox"/>	Printiseacht	<input type="checkbox"/>
Gníomhaireacht Fostaíochta	<input type="checkbox"/>	Conradh ar Bith	<input type="checkbox"/>

Mír 5: Do chuid sonraí breise

Má a sholáthraíonn tú faisnéis sa mhír seo, ní úsáidfear é ach ar chuspóirí staitistiúla. Ní gá an mhír seo a chomhlánú ach nuair a bhíonn tú páirteach sa chúrsa.

Tá an cheist seo roghnach, más fearr leat gan í a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

Cúlra eitneach agus cultúrtha (cuir tic i mbosca amháin):

Duine Geal

Éireannach	<input type="checkbox"/>
Duine den Lucht Siúil Éireannach	<input type="checkbox"/>
Romach	<input type="checkbox"/>
Aon chúlra eile Daoine Geala	<input type="checkbox"/>

Duine Gorm nó Éireannach Gorm

Afracach	<input type="checkbox"/>
Aon chúlra Daoine Gorma eile	<input type="checkbox"/>

Áiseach nó Áiseach-Éireannach

Síneach	<input type="checkbox"/>
Aon chúlra Áiseach eile	<input type="checkbox"/>
Eile, cúlra measctha san áireamh	<input type="checkbox"/>

Má tá, inis dúinn, le do thoil, cad atá i gceist leis: _____

Tá an cheist seo roghnach, más fearr leat gan í a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

Chabhródh sé linn ar chuspóirí staitistiúla dá bhféadfá a thabhairt le fios dúinn an mbaineann aon chinn de na catagóirí seo leat (cuir tic i mbosca amháin nó níos mó):

Tuismitheoir i dteaghlach aontuismitheora	<input type="checkbox"/>
Cleithiúnaí i dteaghlach aontuismitheora	<input type="checkbox"/>
Tuismitheoir i dteaghlach gan phoist le cleithiúnaithe	<input type="checkbox"/>
Cleithiúnaí i dteaghlach gan phoist	<input type="checkbox"/>
Duine i dteaghlach gan phoist nach bhfuil cleithiúnaithe an	<input type="checkbox"/>
Ceann ar bith den mhéid thuas	<input type="checkbox"/>

Tá an cheist seo roghnach, más fearr leat gan í a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

Chabhródh sé linn ar chuspóirí staitistiúla dá bhféadfá a thabhairt le fios dúinn an mbaineann aon chinn de na catagóirí seo leat (cuir tic i mbosca amháin): Tá Níl

Iarchiontóir
Mí-úsáideoir substaintí
Gan dídean

Mír 5.1: Riochtaí fadtréimhseacha

Tá na ceisteanna sa mhír seo seo roghnach, más fearr leat gan iad a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

An bhfuil aon cheann de na riochtaí nó deacrachtaí fadtréimhseacha seo a leanas ort?

(cuir tic i mbosca amháin nó níos mó):

Daille nó lagú tromchúiseach amhairc <input type="checkbox"/>	Bodhaire nó lagú tromchúiseach éisteachta <input type="checkbox"/>
Deacracht le gníomhaíochtaí bunúsacha fisiciúla (mar shampla, siúl, staighre a dhreapadh, lámha a shineadh amach, rudaí a thabhairt aníos ón urlár nó a iompar) <input type="checkbox"/>	Míchumas intleachta <input type="checkbox"/>
Deacracht le foghlaim, cuimhneamh nó aird a dhiriú <input type="checkbox"/>	Riocht shíceolaíoch nó mhothúchánach <input type="checkbox"/>
Deacracht le pian, análú, aon bhreiteacht nó riocht ainsealach eile <input type="checkbox"/>	Ceann ar bith den mhéid thuas <input type="checkbox"/>

Tá na ceisteanna sa mhír seo seo roghnach, más fearr leat gan iad a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

An bhfuil cúram pearsanta rialta neamhíochta á chur ar fáil agat do chara nó duine muinteartha atá faoi mhíchumas nó a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach nó fadhb shláinte orthu?

(cuir tic i mbosca amháin): Tá Níl

Má tá, cé mhéid uair an chloig sa tseachtain an gcuireann tú an chabhair seo ar fáil? _____

Mír 5.2: Stádas cónaitheachta dóibh siúd lasmuigh den LEE

Más ó áit lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíochta thú, is féidir leat a roghnú chun an mhír seo a chomhlánú.

Tá na ceisteanna sa mhír seo seo roghnach, más fearr leat gan iad a fhreagairt, cuir tic sa bhosca seo:

Cad é do stádas cónaitheachta? (cuir tic i mbosca amháin):

Stádas dídeanaí <input type="checkbox"/>	Iarrthóir tearmainn <input type="checkbox"/>
Víosa mic léinn <input type="checkbox"/>	Cead fostaíochta <input type="checkbox"/>
Cead chun fanacht in Éirinn ar fhorais dháonúla nó forais eile <input type="checkbox"/>	Eile <input type="checkbox"/>

Má tá forais eile i gceist, luaigh iad, le do thoil: _____

Cé chomh fada a chónaigh tú i bPoblacht na hÉireann (cuir tic i mbosca amháin):

Níos giorra ná bliain Bliain amháin nó níos faide

Más 'bliain amháin nó níos faide' atá i gceist, cuir in iúl, le do thoil, cé mhéid blianta atá i gceist: _____

Ráiteas um Chosaint Sonraí an Chórais Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeoirí (an CTCF)

1. Cuspóir agus Scóip an Ráitis seo

Leagtar amach sa Ráiteas um Chosaint Sonraí seo (“**an Ráiteas**”) an bonn ar a n-úsáidfidh an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (“**SOLAS**”) atá suite in Bloc 1, Teach Chaisleán Foirbis, Bóthar Chaisleán Foirbis, Baile Átha Cliath 1 agus Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma na sonraí pearsanta (“**Sonraí Pearsanta**”) a sholáthraíonn tú maidir le d’iarratas ar, agus an clár staidéir ina dhiaidh sin ar, chlár breisoideachais agus oiliúna (“BOO”) a chistítear trí SOLAS. Sonraítear sa Ráiteas seo do Shonraí Pearsanta a bhaileofar agus a phróiseálfar ar mhaithe leis an gCóras Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeoirí (“**an CTCF**”) d’fhonn oibriú, bainistiú agus comhordú do chlár nó do chúrsa BOO agus do riachtanais mar fhoghlaiméir nó iarratasóir BOO a éascú. Tugtar cuntas ann, chomh maith, ar conas a phróiseálfadh SOLAS agus Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma Sonraí Pearsanta a bhaineann le do theagmhálaithe éigeandála agus tuismitheoirí nó caomhnóir i gcás daoine faoi 18 mbliana. Comhaontaíonn tú le triú páirtithe, a nochtann tú a Sonraí Pearsanta nó a bhfaisnéis, a chur ar an eolas ar théarmaí an Ráitis um Chosaint Sonraí seo.

Comhthionscadal é an CTCF idir SOLAS agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (“**BOOÉ**”). Sraith feidhmchláir bhogearraí é an CTCF atá in ainm is cur chuige comhtháite a sholáthar chun Sonraí Pearsanta úsáideoirí an CTCF agus cláir BOO a chistítear trí SOLAS (nó páirtithe eile) agus aschur, torthaí agus feidhmíocht na gclár siúd, a bhailiú agus a phróiseáil.

Sular cuireadh an CTCF i bhfeidhm, thug SOLAS faoi mheasúnacht tionchair um chosaint sonraí le measúnú a dhéanamh ar thionchar an CTCF ar do chearta um chosaint sonraí.

Cé a bhailiú do Shonraí Pearsanta?

Nuair a dhéanann tú iarratas chun freastal ar chlár BOO a chistítear trí SOLAS, coimeádfaidh ceann amháin nó níos mó de na haonáin seo a leanas Sonraí Pearsanta (is “**Rialaitheoir**” gach duine díobh), agus tá sonraí breise ar fáil fúthu in **Aguisín 1**:

- SOLAS
- Do sholáthraí clár BOO, ar nós do Bhord Oideachais agus Oiliúna (“BOO”)
- BOOÉ
- An tÚdarás um Ard-Oideachas
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn

Tá gach Rialaitheoir tiomanta do chinntiú go láimhseáiltear Sonraí Pearsanta a fhoghlaiméirí i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (AE) 2016/679 agus sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, ó 1988 go 2018. Má bhíonn aon cheisteanna agat faoi conas a phróiseáiltear do Shonraí Pearsanta, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar DataProtection@msletb.ie.

2. Cén Sonraí Pearsanta a bhaileofar agus conas a bhaileofar iad?

Nuair a dhéanann tú iarratas ar chlár BOO a chistítear trí SOLAS (nó páirtithe eile), iarrfar ort Sonraí Pearsanta agus faisnéis a sholáthar fút féin (e.g. nuair a chomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais seo). Áirítear leis na Sonraí Pearsanta seo an fhaisnéis a sholáthraíonn nuair a chomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais seo, ar nós an mhéid seo a leanas: do UPSP, céadainm, sloinne, seoladh, dáta breithe, inscne, náisiúntacht, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil íocaíochtaí á bhfáil agat ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (“**an RGFC**”) agus/nó sonraí fostaíochta faoi na daoine siúd atá nó a bhí fostaíthe agus/nó an leibhéal oideachais ab airde a baineadh amach. Cuirfidh an CTCF an cúrsa i dtaifead ar chláraigh tú ann agus an dámhachtain a bhain tú amach (más ann dó).

Próiseálfadh gach duine de na Rialaitheoirí Sonraí Pearsanta agus faisnéis a sholáthraíonn tú agus, i gcásanna áirithe, nuair is cuí, faisnéis a sholáthraíonn triú páirtithe díobh, ar nós comhlachtaí eile Rialtais/earnála poiblí (tá níos mó faisnéise faoi seo thíos).

3. Conas agus cén fáth a úsáidimid do Shonraí Pearsanta

Sonraítear sa mhír seo conas (“**an bunús dlí**”) agus cén fáth (“**cuspoírí**”) a phróiseálann gach rialaitheoir do Shonraí Pearsanta:

Bunús dlí: is gá do Shonraí Pearsanta a phróiseáil san CTCF d'fhonn tabhairt faoinár gconradh leat maidir le d'iarratas ar chlár BOO agus chun freastal ar chlár BOO a chistítear trí SOLAS (nó páirtithe eile). Trí d'iarratas a sheoladh ar aghaidh, aithníonn tú gur féidir na Sonraí Pearsanta siúd a phróiseáil ar na cuspoírí seo a leanas, an méid seo a leanas ina measc:

- teagmháil a dhéanamh leat faoi d'iarratas;
- d'iarratas a riar agus measúnú a dhéanamh ar do cháilitheacht do chlár BOO a chistítear trí SOLAS i mbliain acadúil ar leith;
- teagmháil leantach a dhéanamh leat i ndiaidh go bhfaightear an t-iarratas, faoi mar a theastaíonn;
- do thaifead foghlaimeora a choimeád (sonraí pearsanta agus cúrsa ina measc);
- próisis chúrsa a bhainistiú (tosú, críochnú, dul chun cinn ina measc);
- comhairle agus tacaíocht a sholáthar trí Sheirbhísí Treorach an tsoláthraí BOO, nuair a bhíonn siad ar fáil;
- teagmháil a dhéanamh leat i ndiaidh go gcríochnaítear an cúrsa chun tionchar an chúrsa a thomhas maidir le do rannpháirtíocht i mbreisoideachas agus oiliúint agus/nó fostaíocht;
- torthaí an chlár BOO a rianú agus a mheasúnú;
- riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh; agus

TÁBHACHTACH: mura gcuireann tú do Shonraí Pearsanta ar fáil dúinn chun gur féidir linn iad a phróiseáil ar na cuspoírí thuas, ní bheidh na Rialaitheoirí in ann thú a chlárú nó do rannpháirtíocht a riar ar chlár BOO.

Bunús dlí: is gá, chomh maith, chun do Shonraí Pearsanta a phróiseáil do gach Rialaitheoir chun dlíthiúla a chomhlíonadh a bhfuil siad faoina réir, ar na cuspoírí seo a leanas ina measc:

- sainordú reachtúil gach Rialaitheora a chomhlíonadh;
- cabhrú le hoiliúint a chomhordú agus a sholáthar a chuireann páirtithe eile ar fáil agus taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna
- SOLAS, faoi mar a shainordaítear faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. D'fhéadfadh rianú a dhéanamh ar rannpháirtíocht in, tabhairt faoi mheasúnuithe ar thorthaí agus ar chlár BOO a chistítear trí SOLAS a bheith i gceist leis seo. Dá réir, de bhun prótacail aguisín socruithe lena gcomhaontaítear, is féidir le SOLAS saghsanna teoranta aguisín ar leith de Shonraí Pearsanta fút nó a sholáthair tú i d'iarratas ar chlár BOO a sholáthar agus a fháil ó chomhlachtaí Rialtais, rialála agus/nó comhlachtaí poiblí (iad siúd a liostaítear in **Aguisín 1** den Ráiteas seo ina measc). Má tá ar sholáthraithe BOO, mar shampla, chun roinnt de do shonraí pearsanta a nochtadh do SOLAS ar chuspóirí staitistiúla; agus
- chun riachtanais mhonatóireachta, tuairiscithe agus mheastóireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh nuair is rannpháirtí thú i gclár comhchistithe den Aontas Eorpach a gcuireann siad cistí ar fáil dó.

Bunús dlí: Is féidir le SOLAS Catagóirí Speisialta de do Shonraí Pearsanta a phróiseáil (e.g. faisnéis a bhaineann le do chúla socheacnamaíoch, ar nós do chúla eitnigh nó chultúrtha agus/nó do chúinsí maireachtála) ar mhaithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cuspoírí staitistiúla agus taighde ar leibhéal comhiomlán; agus
- dul chun cinn grúpaí socheacnamaíocha a chur i gcomparáid lena chéile a ghlacann páirt ar chlár BOO a chistítear trí SOLAS.

Cabhróidh na staitisticí agus an taighde sin chun bearnaí a shainathint sa chóras BOO agus cabhróidh sé le beartais chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (e.g. beartais chomhdheiseanna agus idirghabháil d'fhoghlaimoirí amach anseo).

TÁBHACHTACH: déantar Catagóirí Speisialta de do Shonraí Pearsanta a sholáthar **go hiomlán deonach** agus is fútsa a bhíonn sé **cinneadh a dhéanamh gan srian** chun nó gan an fhaisnéis sin a sholáthar. Bainfear úsáid bhreise agus na sonraí siúd (e.g. ar chuspóirí tuairiscithe) i bhfoirm chomhiomlán, a chiallaíonn go ndéantar na sonraí siúd a ghrúpáil le faisnéis shainaitheanta ar bith i bhformáid staitistiúil. Má dhéanann tú an cinneadh chun na sonraí seo a sholáthar, tá do thoiliú sainráite á thabhairt go ndéantar Catagóirí Speisialta de do Shonraí Pearsanta a phróiseáil ar na cuspoírí thuas. **Tá ceart agat chun do thoiliú a aistarraingt ag aon tráth go bpróiseálfar Catagóirí Speisialta de do Shonraí Pearsanta nuair a phróiseáiltear iad ar na cuspoírí thuas.**

4. Do Shonraí Pearsanta a nochtadh

Tugann gach duine de na Rialaitheoirí faoi do Shonraí Pearsanta a choimeád faoi choinniollacha slána agus leis na bearta cuí teicniúla agus eagraíochta chun iad a chosaint ó rochtain nó úsáid neamhúdaraithe. Nochtfar na Sonraí Pearsanta a choimeádtar ar do thaifead de chuid an CTCF d'fhoireann ábhartha na Rialaitheoirí ábhartha agus sholáthraí chlár an BOO agus SOLAS ar bhonn riachtanais. Cuirtear an fhoireann go léir ar an eolas ar na nósanna imeachta nach mór dóibh cloi leo lena chinntiú go gcosnaítear do Shonraí Pearsanta go cuí.

Is féidir na Sonraí Pearsanta a sholáthraíonn tú a nochtadh do thriú páirtithe má bhíonn dualgas ar SOLAS nó Rialaitheoir eile chun do Shonraí Pearsanta a nochtadh nó a roinnt chun aon oibleagáid nó iarraidh dhlíthiúil nó rialála a chomhlíonadh nó chun tabhairt faoi fheidhm phoiblí. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach, chomh maith, do Shonraí Pearsanta a nochtadh chun oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh nuair is rannpháirtí de chlár comhchistithe Aontais Eorpaigh thú. Nochtfar roinnt de do Shonraí Pearsanta lena cheadú monatóireacht, tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar chlár nuair a bhíonn an clár comhchistithe ag an Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, is féidir le SOLAS do Shonraí Pearsanta a nochtadh, chomh maith, do chomhlachtaí Rialtais, rialála agus/nó poiblí (iad siúd ina measc a liostaítear in **Aguisín 1**) ar na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu in **Aguisín 1** nó ar chuspóirí staitistiúla.

5. Foinsí de do Shonraí Pearsanta

Nuair a chomhlánaíonn tú an fhoirm seo, tá do Sonraí Pearsanta á soláthar agat dúinn. Faighimid Sonraí Pearsanta fút, chomh maith, i gcásanna áirithe, áfach, ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is éard a bhíonn i gceist leis na Sonraí Pearsanta a fhaightear do UPSP, ainm, seoladh, ríomhphost, guthán, dáta breithe, inscne, tacaíochtaí a theastaíonn agus an Grúpa tacaíochta fostaíochta.

6. Cé chomh fada a choimeádfaimid do Shonraí Pearsanta?

Coimeádfaimid na Rialaitheoirí do Shonraí Pearsanta ar mhaithe le riarachán, iniúchadh, agus athbhreithniú leanúnach, ach ní choimeádfaimid siad iad ach chomh fada sin agus a theastaíonn chun na cuspóirí a bhaint amach a leagtar amach sa Ráiteas seo agus i gcomhréir le beartas coimeáda gach Rialaitheora. Coimeádfaimid gach Rialaitheoir sonraí stairiúla nach dteastaíonn a thuilleadh ar na cuspóirí seo ar feadh tréimhse sheasta sula ndéantar iad a dhiúscairt de réir a bheartais choimeáda sonraí. I ngach cás, ní choimeádfaimid gach Rialaitheoir do Shonraí Pearsanta níos faide ná mar is gá i gcomhréir le dlí infheidhme.

Más mian leat faisnéis bhreise a fháil ar bheartas coimeáda Rialaitheora ar leith a bhaineann le do Shonraí Pearsanta, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag DataProtection@msletb.ie.

7. Do Chearta

Leagtar amach san fho-mhír seo na cearta atá agat chun dul i ngleic le haon bhuarthai nó ceisteanna linn faoin bpróiseáil a dhéanaimid ar do Shonraí Pearsanta.

Ceart	Faisnéis Bhreise
Ceart Rochtana	Tá an ceart agat cóip a iarraidh de na Sonraí Pearsanta a choimeádaimid fút. Ní ghearrfaimid táille ort ach má dhéanann tú iarraidh ar rochtain agus má bhraithimid go bhfuil d'iarraidh gan údar nó iomarcach.
Ceart chun Ceartú	Tá an ceart agat a iarraidh go gceartaímid aon Sonraí Pearsanta míchruinne atá againn fút.
Ceart chun Scriosta	Tá an ceart agat a iarraidh orainn do Shonraí Pearsanta a scriosadh sna cásanna seo a leanas: <ol style="list-style-type: none">1. níl siad ag teastáil a thuilleadh chun do chonradh a fheidhmiú linn;2. cuireann tú in aghaidh na próiseála agus níl aon fhorais dhlísteanacha uileghabhálacha againn;3. próiseáladh do Shonraí Pearsanta go neamhdhleathach; nó4. caithfear iad a scriosadh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh.
Ceart chun Próiseáil a Shrianadh	Tá an ceart agat a iarraidh orainn próiseáil do Shonraí Pearsanta a shrianadh sna cásanna seo a leanas: <ol style="list-style-type: none">1. nuair a chuireann tú in aghaidh chruinneas do Shonraí Pearsanta;2. nuair a bhíonn an próiseáil neamhdhleathach agus nuair nach mian leat go scriosaimid do Shonraí Pearsanta; nó3. nuair nach dteastaíonn do Shonraí Pearsanta uainn a thuilleadh ar mhaithe le próiseáil ach go dteastaíonn na sonraí uait maidir le héileamh dlíthiúil. <ul style="list-style-type: none">• nuair a fheidhmíonn tú an ceart seo, ní féidir linn ach do Shonraí Pearsanta a stóráil.• Ní féidir linn próiseáil bhreise a dhéanamh ar na sonraí mura dtugann tú toiliú do nó murach go dteastaíonn próiseáil maidir le éileamh dlíthiúil nó chun cearta duine eile nó duine dhlíthiúil a chosaint nó ar mhaithe le leas tábhachtach an phobail.• Cuirfimid ar an eolas thú sula mbainfear an srianadh ar an bpróiseáil.

Ceart i dtaobh Iniomparthacht Sonraí	<p>Is féidir leat iarraidh orainn do Shonraí Pearsanta a sholáthar duit, a thug tú dúinn, i bhformaid struchtúrach, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín agus is féidir leat a iarraidh orainn do Shonraí Pearsanta a tharchur go díreach chuig rialaitheoir eile, nuair a bhíonn seo indéanta go teicniúil. Ní thagann na cearta seo aníos ach sna cásanna seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. próiseálaimid do Shonraí Pearsanta ar an mbunús dlí go dteastaíonn siad chun tabhairt faoinár gconradh leat; agus 2. tugtar faoin bpróiseáil ar bhealach uathoibríthe.
An Ceart chun Toiliú a Aistarraingt	<p>Murar thug tú do thoiliú go ndéanfar próiseáil ar Chatagóirí Speisialta de do Shonraí Pearsanta, tá an ceart agat do thoiliú a aistarraingt go ndéanfar próiseáil ar na sonraí sin ag aon tráth. Tabhair faoi deara, má aistarraingíonn tú do thoiliú, go mbeidh an phróiseáil a rinneadh le do thoiliú a fhad leis an bpointe dleathach.</p>

Is féidir leat aon chinn de na cearta seo a fheidhmiú trí iarraidh a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag DataProtection@msletb.ie.

Cuirfear faisnéis ar fáil duit ar aon ghníomh a rinneadh ar d'iarraidh a dhéanamh maidir le haon chinn de na cearta seo gan moill mhíchúí agus laistigh de mhí amháin i ndiaidh d'iarraidh a fháil, ar a dhéanaí. Is féidir le rialaitheoir é seo a shineadh a fhad le 2 mhí, más gá, ach cuirfimid thú ar an eolas má tharlaíonn seo.

Tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí maidir le do Shonraí Pearsanta a phróiseáil ar na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu sa Ráiteas seo.

8. Athruithe ar an Ráiteas seo

Is féidir an Ráiteas seo a leasú ó thráth go chéile, ina iomláine nó go páirteach, faoi lánrogha aonair SOLAS. Cuirfear aon athruithe ar an Ráiteas seo in iúl tríd an láithreán gréasáin fetchcourses.ie.

Má úsáidtear do Shonraí Pearsanta ar bhealach atá an-difriúil uaidh sin a luaitear sa Ráiteas seo, nó a nochtar duit ar bhealach eile ag an tráth a bailíodh iad, tabharfar fógra duit ar ríomhphost / sa phost agus beidh rogha agat maidir le cé acu an úsáidimid nó nach n-úsáidimid do Shonraí Pearsanta ar an mbealach nua.

9. Teagmháil a Dhéanamh Linn

Má bhíonn ceisteanna agat nó buarthaí ort faoin Ráiteas seo, nó más mian leat aon chinn de do chearta a fheidhmiú mar ábhar sonraí, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag DataProtection@msletb.ie.

Deimhním gur léigh mé an Ráiteas um Chosaint Sonraí agus go bhfuil an fhaisnéis a thugtar ar an bhfoirm seo cruinn.

Sínithe _____ Dáta _____

Aguisín 1 Rialaitheoirí Sonraí

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Monatóireacht, tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar chlár.

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí: Le hatreoruithe a thabhairt san áireamh ón RGFCS, chun faisnéis faoi iarratasóirí a bhailíochtú a bhfuil iocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil acu agus chun an RGFCS a nuashonrú maidir le torthaí cliant.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann: Faisnéis a dheimhniú maidir le haschur deimhniúcháin iarratasóra mar thoradh ar fhreastal ar Chlár BOO.

An tÚdarás um Ard-Oideachas (“an ÚAO”): Iarratasóirí a dheimhniú agus a bhailíochtú a leanann ar aghaidh go dtí ardoideachas.

Boird Oideachais agus Oiliúna agus BOOÉ: Sonraí faoi iarratasóirí a dheimhniú a leanann ar aghaidh go dtí breisoideachas.

Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn: Faisnéis a dheimhniú agus a bhailíochtú maidir le freastal foghlaimora nó cúrsa a chríochnú agus tacaíocht airgeadais a sholáthar.

An Phríomh-Oifig Staidrimh: I bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht Staidrimh, 1993.